# Eochaill

Maidin Domhnaigh is mé ag triall ar Eochaill,
Do chasadh an óigbhean orm sa tslí.
Bhí scáil ’na leacain ar dhath na rósaí,
’S ba bhinne a glór ná na ceolta sí.
Leagas mo láimh thar a bráid le mórtas
Agus dh’iarr mé póigín ar stór mo chroí;
Is é dúirt sí “Stad is ná strac mo chlóca
Gan fios do ghnósa ag bean do thí.”

“Seo mo lámh duit ná fuilim pósta
’S gur buachaill óg mé thug searc do mhnaoi;
’S dá dtriallfá liomsa thar n-ais go hEochaill
Do gheofá ómós mar a gheobhadh bean tí.
Chuirfinn high-caul cap i gceart ’s i gcóir ort,
Gúna, clóca ’gus caipisín
Beidh siopa dram agat dhen bhfíon is dhen bheoraigh
’S do leanbh dóighiúil ag tarraingt dí.”

“Níl ann ach uair bheag ó dh’fhágas Eochaill,
’S ní ligeann an brón dom filleadh aríst
Do bheadh mo mhuintir i bhfeirg mhór liom;
’S ní bhfaighinnse fóirthint ó mo chairde gaoil.
Leath a n-abair siad, ní dhéanaim a gcomhairle
Ach buailim an bóthar de ló ’s d’oí’;
Is cailín scaite mé ’tá ag siúl an bhóthair
Ag lorg an eolais ar Cheapach Chuinn.”

Clois, Tóibín, N. Rinn na nGael Cló Iar Chonnachta; 1999

*Ódi Ní Chéileachair a rinne an cheardlann seo.*

Le tacaíocht ó

the arts council an chomhairle ealaíon | ciste na healaíona traidisiúnta | artscouncil.ie

An Góilín